Cuntas Leithtreasa 2017

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ní mór dom an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo faoin suim a caitheadh sa bhliain a chríochnaigh ar 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus an tsuim a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €306,071 a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do chuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim le mo fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach agus ní go daingean go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus gur taifeadadh iad i gceart, agus go gcosctar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhun leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo chuid dualgas maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir deimhnithe ó oifigeach cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

***Réimse Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm:

- tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go gcuirtear an ghníomhaíocht chuí i bhfeidhm lena cheartú
- tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do gach príomh-phróiseas gnó curtha i ndoiciméad
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialú Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe

- á córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na córais TEC slán
- tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadail.

Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha Bhí dhá chonradh a bhí gníomhacha le linn 2017 ar luach €189,771 nár chloí go hiomlán leis na treoirlínte. Bhain an chéad chás le tacaíocht Oracle agus ceadúnas do bhogearra ar luach €145,958 agus sa dara chás le glanadh na háite ar luach €43,813. I gcás cheadúnas Oracle bhí eisceacht ann mar nach raibh ach solathraí oiriúnach amháin don bhogearra i gceist agus i dtaca le glanadh na háite de, cuireadh stad leis an tairiscint mar go rabhthas ag fanacht le cinneadh ón OOP faoi stádas fadtéarma na saoráide.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Clúdóidh na pleananna seo na príomh-rialaithe ar bhonn atráthach ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar beart ar na tuairiscí ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Riosca agus Creat Rialachais***

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí tábhachtacha agus na gníomhaíochtaí baiistíochta a thógtar chun déileáil leis, agus an oiread agus is féidir na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomh-rioscaí atá ag an Oifig agus sainaithníodh iad, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grád dóibh de réir chomh tábhachtach agus a bhíonn siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus ceartaíonn siad an clár gach ceathrú. Úsáidtear torthaí an mheasúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ag leibhéal sásúil.

Léiríonn an clár riosca  na rialacháin agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a laghdú chomh maith le freagracht a thabhairt do bhaill foirne ar leith maidir le rialú a stiúradh.

***Monatóireacht agus Atbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm do phróisis rialaithe monatóireachta agus cuirtear easnamh rialachais in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a cheartú agus don Bhord Bainistíochta, más cuí agus in am. Deimhním gur sainaithníodh ríoscaí tábhachtacht agus gur cuireadh rialachas ábhartha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an phríomh-rialachas seo agus easnamh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Deimhním go ndearna an Oifig monatóireacht ar a nósanna imeachta i dtaca le bainistíocht riosca agus rialachas i rith na bliana 2017. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú seo maidir le héifeachtúlacht an chórais rialachais inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair an choiste iniúchta, an Bhoird Bainistíochta agus de bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (SCP).

***Ceisteanna faoi Rialú Inmheánach Airgeadais***

Ní bhfuarthas aon laige i rialachas inmheánach airgeadais i dtaca le 2017 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh air ná a bhféadfadh sin a bheith mar thoradh air.

**Fiona Tierney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

25 Meitheamh 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur os comhair Thithe an Oireachtais

## 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | An tSeirbhís Phoiblí agus an Státseirbhís - ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,380 | | | |
| | *Forlíontach* | 664 | 12,044 | 11,757 | 9,537 |
| | **Ollchaiteachas** | | **12,044** | **11,757** | **9,537** |
| | Luíde | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | 224 | 303 | 275 |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,156 | | | |
| | *Forlíontach* | 664 | | | |
| | | | **11,820** | **11,454** | **9,262** |

**Farrasbarr**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an suim a cuireadh i bhfeidhm a shéilleadh ar ais don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasuithe do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farrasbarr | 366,071 | 136,188 |
| Géilleadh iarchurtha | (60,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **306,071** | **136,188** |

**Fiona Tierney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

25 Meitheamh 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | | 6,557 | 5,613 |
| Caiteachas eile | | 5,200 | 3,924 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,757** | **9,537** |
| Luíde | | | |
| **Leithghabháil i gcabhair** | | **303** | **275** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,454** | **9,262** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (223) | | |
| Dímheas | 446 | | |
| Caillteanas ó dhiúscairt | 1 | | |
| | | 224 | 249 |
| **Athruithe ar ghlanshóchmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 153 | | |
| Laghdú ar stoc | 121 | | |
| | | 274 | 97 |
| **Caiteachas díreach** | | **11,952** | **9,608** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 3,146 | 3,094 |
| **Glanchostas chláir** | | **15,098** | **12,702** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais do sheirbhísí gaolmhara déanta as na méideanna measta seo i dtaca le Vóta 17 a taobhaíodh in áit eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 45 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 869 | 822 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,213 | 2,211 |
| Vote 18 Oifig na Seirbhísí Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 19 | 16 |
| | **3,146** | **3,094** |

## Nóta 2 Ráiteas faoi Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **697** | **921** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 452 | 258 |
| Stoic | 2.4 | 22 | 143 |
| Réamhíocaíochtaí | | 251 | 256 |
| Ioncam fabhraithe | | 91 | 54 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 67 | 41 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **883** | **752** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 286 | 101 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.6 | 115 | 11 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 404 | 288 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **805** | **400** |
| **Glansóchmhainní reatha** | | 78 | 352 |
| **Glansóchmhainní** | | **775** | **1,273** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **775** | **1,273** |

### 2.1 Cuntas mhaoiniú Stáit

| | Nóta | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,273 | 1,619 |
| Íocaíocht amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar don mheastachán | Cuntas | 11,820 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (60) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (306) | | |
| Vóta glan | | | 11,454 | 9,262 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tharla in áit eile | 1.1 | | 3,146 | 3,094 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (15,098) | (12,702) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **775** | **1,273** |

## 2.2 Sóchmhainní caipitil

| | Fearas oifige agus TE | Troscán agus feistis | Feabhsú an Fhoirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní comhlána** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 6,738 | 678 | 691 | 8,107 |
| Breiseanna | 189 | 34 | — | 223 |
| Diúscairtí | (164) | (17) | — | (181) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 6,763 | 695 | 691 | 8149 |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéis tosaigh ar ag 1 Eanáir 2017 | 5,872 | 623 | 691 | 7,186 |
| Dímheas don bhliain | 433 | 13 | — | 446 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (163) | (17) | — | (180) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 6,142 | 619 | 691 | 7,452 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **621** | **76** | **—** | **697** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 866 | 55 | — | 921 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 431 | 248 |
| Iarmhéid cuntais banc tráchtála | 21 | 10 |
| | **452** | **258** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ábhair thastála* | — | 115 |
| Tomhaltáin TE/ staiseanóireacht | 22 | 28 |
| | **22** | **143** |

* *Mar go ndéanann an Oifig tástáil ar fad ar líne anois, socraíodh nach raibh aon luach ar stór na bpáipeirí scrúdaithe agus dá bhrí sin laghdaíodh a luach go dtí a náid i 2017.*

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fionraí tuarastail | 33 | — |
| Scéim forchúitimh do phas taistil | 33 | 41 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 1 | — |
| | **67** | **41** |

## 2.6 Glandliteanas don Státschiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 306 | 136 |
| Géilleadh iarchurtha | 60 | — |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (251) | (125) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **115** | **11** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 452 | 258 |
| Iarmhéideanna fionraí do chair | 67 | 41 |
| | 519 | 299 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (324) | (274) |
| Fionraí iarmhéid sochair | (80) | (14) |
| | (404) | **(288)** |
| | **115** | **11** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 176 | 165 |
| Árachas Sóisialta Pá-Coibhneasa | 93 | 83 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin Iarchoinneádta ar Sheirbhisí Gairmiúla | 26 | 11 |
| Cáin Bhreisluacha | 28 | 14 |
| | 324 | 274 |
| Iarmhéideanna fionraí sochair | 80 | 14 |
| | **404** | **288** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 40 | 23 |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | **40** | **23** |

## Nóta 3 Caiteachas de réir Fo-mhírcheann

### Anailís de chaiteachas riaracháin

Léiríonn seo thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léiríonn sé na cúiseanna le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tugadh costais riaracháin do gach clár chun costais iomlán na gclár a léiriú.

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | Bunaidh | 6,458 | | | |
| | | Forlíontach | 196 | 6,654 | 6,557 | 5,613 |
| ii | Taisteal agus cothabháil[a] | Bunaidh | 80 | | | |
| | | Forlíontach | (56) | 24 | 31 | 30 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | Bunaidh | 280 | | | |
| | | Forlíontach | 21 | 301 | 213 | 245 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | Bunaidh | 130 | | | |
| | | Forlíontach | (22) | 108 | 93 | 79 |
| v | Treallamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | Bunaidh | 1,860 | | | |
| | | Forlíontach | (222) | 1,638 | 1,462 | 842 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | Bunaidh | 190 | | | |
| | | Forlíontach | 61 | 251 | 231 | 155 |
| vii | Costais earcaíochta - taighde agus rialú corparáideach | Bunaidh | 35 | | | |
| | | Forlíontach | 46 | 81 | 40 | 13 |
| viii | Costais earcaíochta - fógraíocht agus tástáil | Bunaidh | 950 | | | |
| | | Forlíontach | 37 | 987 | 1,167 | 992 |
| ix | Costais earcaíochta - boird agallaimh | Bunaidh | 1,397 | | | |
| | | Forlíontach | 603 | 2,000 | 1,963 | 1,568 |
| | | | | **12,044** | **11,757** | **9,537** |

(a) Athraíodh torthaí 2016 d'fhotheideal ii Taisteal agus cothú agus fotheideal ix Costais earcaíochta - boird agallaimh, chun ath-leithdháileadh costais taistil agus cothabhála do bhaill de bhoird a léiriú chuig fotheideal ix i 2017.

**Athruithe suntasacha**

ix *Costais earcaíochta - boird agallaimh*

Soláthar mheastacháin: €1.397 milliún: Toradh €1.963 milliún

Tharla an méadú de €566,000 i gcostais earcaíochta do na boird agallaimh mar gur tharla níos mó earcaíochta ná mar a ceapadh a tharlódh.

## Nóta 4 Admhálacha

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Éagsúil | 25 | 91 | 62 |
| 2 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 199 | 212 | 213 |
| | | **224** | **303** | **275** |

# Nóta 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon baill foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | **158** | **144** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | 5,899 | 5,053 |
| Liúntias Ard-dhualgais, do dhualgais speisialta nó bhreise | 54 | 68 |
| Ragobair | 104 | 87 |
| ÁSPC an Fhostóra | 500 | 405 |
| **Pá Iomlán** | **6,557** | **5,613** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2017 | Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dhualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 12 | — | 7,962 | 7,479 |
| Liúntais eile | 8 | 1 | 10,391 | 8,025 |
| Ragobair agus tinreamhl sa bhreis | 106 | 2 | 12,595 | 13,000 |
| Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 12 | 3 | 16,054 | 16,704 |

### 5.4 Íocaíochtaí agus socruithe eile

Íocadh €35,055 i dtáillí le ceithre bhall de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí i 2017 (2016: €35,055).

| Ball | Stádas | Rannóg | Caiteachas bliantúil 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Iníon Fiona Tierney | Ball (Promhfheidh meannach) | Státseirbhíseach | — | — |
| Iníon Judith Eve | Cathaoirleach | Earnáil phríobháideach | 11,970 | 11,970 |
| An tUasal Paul Lemass | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| An tUasal Eddie Molloy | Ball | Earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Iníon Ann Marie Taylor | Ball | Earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Iníon Eimear Kenny | Ball | Earnáil phríobháideach | 7,695 | 7,695 |
| Iníon Oonagh McPhillips | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| An tUasal Damien McCallion | Ball | Seirbhíseach poiblí | — | — |
| An tUasal David Cagney | Ball | Státseirbhíseach | — | — |
| **Iomlán** | | | **35,055** | **35,055** |

## Nóta 6 Ilchineálach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

Níor íocadh aon chostas dlí nó cúitimh i 2017 (2016: €49,000).